

Ceisteanna Coitianta (CCanna) faoi Shaoráil Faisnéise

Cuimsíonn an leathanach seo na freagraí ar Cheisteanna Coitianta faoi Shaoráil Faisnéise. Más rud é nach féidir leat an freagra ar do cheist a fheiceáil anseo nó go dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait, déan teagmháil leis an [Aonad um Shaoráil Faisnéise](#)

Cad is Saoráil Faisnéise ann?

Déantar foráil san Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine ón 21 Aibreán 1998 i leith:

- an ceart chun rochtain ar thaifid oifigiúla atá á gcoinneáil ag Ranna Rialtais nó ag comhlachtaí poiblí eile mar atá sainithe ag an Acht;
- an ceart go ndéanfar faisnéis phearsanta fúthu a cheartú nó a nuashonrú sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- an ceart chun faisnéis a fháil faoi na fáthanna le cinntí a théann i bhfeidhm orthu arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí.

De bharr na gceart sin, is féidir le daoine rochtain ar fhaisnéis phearsanta atá á coinneáil fúthu a iarraidh beag beann ar an uair a cruthaíodh an fhaisnéis agus is féidir leo rochtain ar thaifid eile a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 1998.

An gcaithfidh mé iarratas ar Shaoráil Faisnéise a dhéanamh chun faisnéis a fháil ón Roinn?

Ní chaithfidh. Níl sé riachtanach iarratas ar Shaoráil Faisnéise a dhéanamh chun faisnéis a fháil ón Roinn. Tá sé mar bheartas ag an Rialtas a mhéid faisnéise is féidir a chur ar fáil trí bhileoga faisnéise, trí fhoilseacháin agus mar fhreagairt d'fhiosruithe. Is féidir iarratais ar fhaisnéis ghinearálta a sheoladh trí r-phost chuig info@education.gov.ie agus is féidir faisnéis faoi fhoilseacháin a sheoladh trí r-phost chuig press@education.gov.ie

Tá nasc chuig foilseacháin/tuarascálacha na Roinne ar fáil ag:

<http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/>

Conas a oibríonn Saoráil Faisnéise?

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí leis an Acht freagairt d'iarratais ón bpobal ar an bhfaisnéis a choinníonn siad. I bhformhór na gcásanna, ní mór do chomhlachtaí poiblí a geinneadh ar iarratas a thabhairt laistigh de 4 seachtaine tar éis dóibh é a fháil. Is é an sainmhíniú a thugtar ar sheachtain san Acht ná 5 lá den tseachtain i ndiaidh a chéile, gan an Satharn agus laethanta saoire poiblí a áireamh (ní chuirtear an Domhnach san áireamh ach oiread mar nach meastar gur lá den tseachtain é).

Tugtar faisnéis i Scéim Foilseacháin um SF na Roinne, mar a éilítear faoi alt 8 den Acht um SF i ndáil le struchtúr na Roinne, a taifid agus a cinnteoireacht a chuideoidh leat na réimsí sa Roinn atá ábhartha do d'iarratas a aithint. Tá an Scéim ar fáil ag an nasc seo a [leanas](#).

An ngearrfar táille orm as faisnéis a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise?

D'fhéadfaí táillí a ghearradh as an am a chaitear ar thaifid a aimsiú agus as aon chostais fótachóipeála a thabhaíonn an Roinn agus an t-ábhar a iarrtar á chur ar fáil duit. Tá sé iontach neamhdhóchúil go ngearrfar aon táillí i leith taifid phearsanta seachas i gcásanna ina bhfuil líon mór taifead i gceist.

Déantar foráil do tháillí in Alt 27 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá táillí socraithe faoi láthair mar seo a leanas de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 484 de 2014 ag [nasc](#).

Liosta Táillí

- Táille €30.00 ar achomharc inmheánach (€10 do dhaoine a bhfuil cárta leighis acu)
- Táille €50.00 ar achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise (€15 do dhaoine a bhfuil cárta leighis acu agus do thríú páirtithe a bhfuil achomharc á dhéanamh acu i gcoinne cinnidh atá déanta ag comhlacht poiblí ar a gcuid faisnéise a scaoileadh ar fhoras leas an phobail)
- Táille €20.00 san uair - cuardach agus aisghabháil, sa chás gur mó ná 5 huairé an t-am a chaitear
- Táille €0.04 sa leathán ar fhótachóip
- Táille €10.00 ar dhlúthdhiosca
- Táille €6.00 ar X-gha.

Ba cheart gach íocaíocht leis an Roinn a dhéanamh trí sheic pearsanta nó trí ordú poist airgid atá iníoctha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní ghlacfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna íocaíochtaí seic ó úsáideoirí gnó a thuilleadh de réir [Chiorclán 01/2013 ón Roinn Airgeadais](#). Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le modhanna íocaíochta d'úsáideoirí gnó, seol r-phost chuig foi@education.gov.ie

Conas a dhéanaim iarratas ar Shaoráil Faisnéise?

Ba cheart iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig:

An tAonad um Shaoráil Faisnéise
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Teil: +353 (01) 8892240/2385/6444

Facs: +353 (01) 8892383

R-phost: foi@education.gov.ie

Ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh i d'iarratas:

- Ráiteas go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- A mhéid faisnéise is féidir faoi na taifid atá á n-iarraidh d'fhonn an cuardach a éascú. Nuair is féidir, déan iarracht, le do thoil, an tréimhse ama ar mian leat

rochtain a fháil ar thaifid ina leith e.g. taifid a cruthaíodh idir Bealtaine 2013 agus Nollaig 2013. Chomh maith leis sin, déan iarracht na rannóga den Roinn a mheasann tú a bheith is ábhartha do d'iarratas a lua, más féidir.

- An fhormáid inar mian leat aon taifid a scaoiltear a fháil (e.g. fótachóipeanna).
- I gcás iarratais phearsanta, foirm éigin chéannachta (cóip de phas, de cheadúnas tiomána, de theastas breithe, etc.) nó litir toilithe má tá aturnaetha ag gníomhú thar do cheann.
- Más féidir, cuir uimhir theileafóin le linn an lae san áireamh, le do thoil, le go bhféadfar teagmháil a dhéanamh leat go mear más gá sonraí faoi d'iarratas a shoiléiriú.

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur cheart duit d'iarratas a dhéanamh go díreach chuige seo a leanas sa chás go dtagraíonn d'iarratas do Scoil Saothair nó do Scoil Cheartúcháin:

An tAonad um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
Teileafón 090648 4139/4051/3951

Is féidir na foirmeacha iarratais d'iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a íoslódáil ach cliceáil ar na naisc thíos:

[Foirm Iarratais ar Shaoráil Faisnéise le haghaidh gnáthiarratas.](#)

[Foirm Iarratais um Shaoráil Faisnéise d'iarchónaitheoirí Scoileanna Saothair agus Scoileanna Ceartúcháin ar rochtain ar thaifid](#)

An féidir liom cabhair a fháil agus iarratas á dhéanamh agam?

Is féidir. Beidh foireann an Aonaid um Shaoráil Faisnéise (ag an seoladh thuas) sásta cabhrú leat d'iarratas a chur le chéile má theastaíonn aon chabhair uait. Tá an tAonad ar fáil freisin chun cabhair a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a gcearta a chleachtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (e.g. glacadh le hiarratais ó bhéal ó iarratasóirí nach bhfuil in ann léamh, priontáil agus/nó scríobh de dheasca a míchumais, cur ar chumas an iarratasóra iniúchadh a dhéanamh ar thaifid nó go míneofar taifid dó nó di).

An féidir liom rochtain a fháil ar fhaisnéis ar bith a iarraim?

Tagann na taifid seo a leanas faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise:

- Gach taifead pearsanta a choinníonn an Roinn, beag beann ar an uair a cruthaíodh iad.
- Gach taifead eile a cruthaíodh ó thosach feidhme an Achta (an 21 Aibreán 1998).
- Taifead ar bith atá riachtanach maidir le taifead reatha a thuiscint, fiú má cruthaíodh é roimh an 21 Aibreán 1998.
- Gach taifead foirne a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 1995. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí rochtain a fháil ar thaifid foirne a cruthaíodh roimh an dáta sin freisin.

D'fhonn déanamh agus feidhmiú ceart ghnó an Rialtais a éascú, áfach, beidh sé riachtanach ó am go chéile cineálacha áirithe faisnéise a dhíolmhú ó scaoileadh i gcásanna áirithe. Áirítear leis na díolúintí sin, a leagtar amach san Acht, díolúintí le haghaidh taifead a bhaineann le:

- cruinnithe Rialtais,
- forfheidhmiú an dlí agus slándáil,
- faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de,
- faisnéis phearsanta (seachas faisnéis a bhaineann leis an duine atá ag déanamh an iarratais).

Cé chomh luath ba cheart go dtabharfaí freagra don duine atá ag déanamh iarratais?

Faoin Acht, ní mór admháil a thabhairt laistigh de 2 sheachtain go bhfuarthas iarratas ar thaifid agus, i bhformhór na gcásanna, ní mór freagairt dó laistigh de 4 seachtaine. Is é an sainmhíniú a thugtar ar sheachtain san Acht ná 5 lá den tseachtain i ndiaidh a chéile, gan an Satharn agus laethanta saoire poiblí a áireamh (ní chuirtear an Domhnach san áireamh ach oiread mar nach meastar gur lá den tseachtain é).

I roinnt cásanna teoranta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, d'fhéadfadh sé níos mó ná 4 seachtaine a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh (e.g. má tá baint ag tríú páirtí leis, is féidir go dtiocfaidh síneadh 3 seachtaine aníos sula n-eiseofar freagairt). Má tharlaíonn sé sin, tabharfar fógra i scríbhinn duit.

Mura bhfuil freagairt faighte agat laistigh de 4 seachtaine, beidh tú i dteideal a mheas go huathoibríoch gur díúltaíodh do d'iarratas agus féadfaidh tú achomharc a dhéanamh chuig an Roinn seo láithreach le haghaidh athbhreithnithe ar an ábhar (féach thíos, le do thoil).

Cad a fhéadfaidh mé a dhéanamh mura bhfuilim sásta leis an gcinneadh ar m'iarratas?

Más rud é nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagairt ón Roinn, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaidh oifigeach níos sinsearaí laistigh den Roinn athscrúdú ar chinneadh. Ba cheart duit d'achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine tar éis dháta na freagartha (cé gur féidir go nglacfar le hachomhairc dhéanacha i gcásanna áirithe). Ba cheart iarratais ar athbhreithniú ar chinneadh a sheoladh chuig:

An tAonad um Shaoráil Faisnéise
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Nó trí r-phost chuig: foi@education.gov.ie

I gcás iarratais phearsanta, ní ghearrfar aon táillí.

I gcás iarratais neamhphearsanta, ba cheart táille €30.00 (€10.00 do dhaoine a bhfuil cárta leighis acu) a bheith ag gabháil le d'iarratas.

Cad a fhéadfaidh mé a dhéanamh mura bhfuilim sásta leis an gcinneadh ar an athbhreithniú inmheánach?

Más rud é nach bhfuil tú sásta leis an gcinneadh ar an athbhreithniú inmheánach, tá an ceart agat chun achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise in aghaidh an chinnidh laistigh de 6 mhí. Ba cheart iarratais a sheoladh go díreach chuig:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18, Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: + 353-1-6395689

Íosghlao: 1890 253238

Facs: + 353-1-6395674 nó + 353-1-6395676

www.oic.gov.ie

R-phost: info@oic.gov.ie

Ní ghearrtar aon táille ar iarratas ar athbhreithniú chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar chinneadh a bhaineann le faisnéis phearsanta an iarratasóra.

I gcás iarratais neamhphearsanta, ba cheart táille €50 (nó táille laghdaithe €15 do dhaoine a bhfuil cárta leighis acu) a bheith ag gabháil le d'iarratas.